Corraíl Shibhialta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine óga ag léirsiú in éadan a rialtais. Cá bhfuil an chorraíl shibhialta seo ag dul ar aghaidh, dar leat? Féach ar an bpictiúr chun cuidiú leat.

Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoin scéal.

Ceist 2 Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. abroad	a. *agóid*
2. civil servants	b. *ag ciúnú*
3. headquarters	c. *thar lear*
4. warning	d. *leis an lámh láidir*
5. demonstrators	e. *státseirbhísigh*
6. despite	f. *olltoghchán*
7. quietening	g. *léirsitheoirí*
8. protest	h. *cluas bhodhar*
9. general election	i. *ainneoin*
10. by the strong arm	j. *foláireamh*
11. deaf ear	k. *ceanncheathrú*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach:

1. Tá na léirsithe ar siúl ar fud na Síne.

2. Tá lár na cathrach níos ciúine inniu ná mar a bhí seachtain ó shin.

3. Mic léinn a chuir tús leis an gcorraíl shibhialta.

4. Ba mhaith le rialtas na Síne gach iarrthóir don olltoghchán i Hong Cong a mheas sula mbeidh cead acu seasamh.

5. Ní bhfuair na mic léinn aon tacaíocht ó mhuintir na cathrach.

6. Cluas bhodhar an rialtais amháin a chuir ruaig ar na léirsitheoirí.

Ceist 4 Cuir na hailt san ord ceart trí uimhir a haon a chur leis an gcéad alt agus mar sin ar aghaidh. Éist leis an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

- ☐ Ach nuair a d'úsáid na húdaráis an lámh láidir ina n-aghaidh tháinig na mílte amach le tacú leis na mic léinn.

- ☐ Bhí foláireamh tugtha ag an rialtas do léirsitheoirí imeacht as an áit agus cé nár imigh chuile dhuine tá laghdú ollmhór ar líon na léirsitheoirí atá fágtha.

- ☐ Meastar gur lagmhisneach agus tuirse is mó atá tar éis an ruaig a chur ar na léirsitheoirí. Sin agus b'fhéidir cluas bhodhar na n-údarás i Hong Cong.

- ☐ Ainneoin gur tugadh foláireamh do léirsitheoirí imeacht as lár Hong Cong faoina sé ar maidin, am na hÉireann, ní dhearna chuile dhuine sin.

- ☐ Thar lear tá státseirbhísigh i Honk Cong tar éis filleadh ar a gcuid oibre i gceanncheathrú an rialtais.

- ☐ Tá cúpla céad duine fós i mbun léirsithe, ach i gcomparáid leis na mílte a bhí ar na sráideanna an tseachtain seo caite, is cosúil go bhfuil cúrsaí ag ciúnú.

- ☐ Mic léinn a chuir tús leis an agóid breis is seachtain ó shin. Iad thar a bheith míshásta le plean rialtas na Síne chuile iarrthóir i dtoghchán Hong Cong in 2017 a mheas iad féin roimh ré, sula mbeadh cead acu seasamh san olltoghchán.

- ☐ Inniu d'fhill státseirbhísigh ar a gcuid oibre agus d'oscail meánscoileanna arís.

Ceist 5 '…***tá*** cúpla céad duine…'

Cad é an difríocht idir: ***tá sé*** agus ***bíonn sé***? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat.

Anois, roghnaígí an fhoirm cheart den bhriathar chun na bearnaí a líonadh.

1. _____ an aimsir go hálainn.
2. _____ mo bhricfeasta agam gach maidin ar a naoi a chlog.
3. _____ Seán ag obair anseo gach Luan.
4. Chonaic mé Máire inniu agus _____ sí go maith.
5. Is minic a _____ an bus déanach sa tráthnóna.

Cumaigí ceisteanna anois a bhfuil ***tá/níl*** agus ***bíonn/ní bhíonn*** mar fhreagra orthu. Cuirigí na ceisteanna ar a chéile.

Ceist 6 '…ceannc**h**eathrú…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ***ceathrú*** sa sampla thuas?
2. Cuir na focail seo a leanas le chéile anois. Cad is brí leo?

(sráid)(baile)	_____
(comhar)(cumann)	_____
(ceard)(cumann)	_____
(meán)(scoil)	_____
(bun)(cúis)	_____
(dún)(marú)	_____
(fad)(téarmach)	_____
(gearr)(téarmach)	_____
(iris)(leabhar)	_____

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Dá mbeifeá i do chónaí i Hong Cong an mbeifeá ag léirsiú, dar leat?
2. An tír dhaonlathach í Éire? Cad iad na gnéithe dár saol a léiríonn seo?
3. Cad iad na tíortha atá ar eolas agat nach bhfuil daonlathach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
c	e	k	j	g	i	b	a	f	d	h

Ceist 3

1. Bréagach, tá siad ar siúl i Hong Cong amháin.
2. Fíor.
3. Fíor.
4. Fíor.
5. Bréagach, mar nuair a d'úsáid na húdaráis an lámh láidir ina n-aghaidh tháinig na mílte amach le tacú leis na mic léinn.
6. Bréagach, é sin b'fhéidir, ach lagmhisneach agus tuirse chomh maith.

Ceist 4

6. Ach nuair a d'úsáid na húdaráis an lámh láidir ina n-aghaidh tháinig na mílte amach le tacú leis na mic léinn.

2. Bhí foláireamh tugtha ag an rialtas do léirsitheoirí imeacht as an áit agus cé nár imigh chuile dhuine tá laghdú ollmhór ar líon na léirsitheoirí atá fágtha.

8. Meastar gur lagmhisneach agus tuirse is mó atá tar éis an ruaig a chur ar na léirsitheoirí. Sin agus b'fhéidir cluas bhodhar na n-údarás i Hong Cong.

3. Ainneoin gur tugadh foláireamh do léirsitheoirí imeacht as lár Hong Cong faoina sé ar maidin, am na hÉireann, ní dhearna chuile dhuine sin.

1. Thar lear tá státseirbhísigh i Hong Cong tar éis filleadh ar a gcuid oibre i gceanncheathrú an rialtais.

4. Tá cúpla céad duine fós i mbun léirsithe, ach i gcomparáid leis na mílte a bhí ar na sráideanna an tseachtain seo caite, is cosúil go bhfuil cúrsaí ag ciúnú.

5. Mic léinn a chuir tús leis an agóid breis is seachtain ó shin. Iad thar a bheith míshásta le plean rialtas na Síne chuile iarrthóir i dtoghchán Hong Cong in 2017 a mheas iad féin roimh ré, sula mbeadh cead acu seasamh san olltoghchán.

7. Inniu d'fhill státseirbhísigh ar a gcuid oibre agus d'oscail meánscoileanna arís.

Ceist 5

Tá sé – an aimsir láithreach; *bíonn sé* – an aimsir ghnáthláithreach.

1. ***Tá*** an aimsir go hálainn.
2. ***Bíonn*** mo bhricfeasta agam gach maidin ar a naoi a chlog.
3. ***Bíonn*** Seán ag obair anseo gach Luan.
4. Chonaic mé Máire inniu agus ***tá*** sí go maith.
5. Is minic a ***bhíonn*** an bus déanach sa tráthnóna.

Ceist 6

1. Comhfhocal atá ann. Nuair a chuirtear dhá fhocal le chéile chun focal amháin a chruthú, cuirtear séimhiú ar an dara focal nuair is féidir. Ná déan dearmad de na *dentals* áfach – ní chuirtear séimhiú ar *d, t, l, s,* nó *n* tar éis *d, t, l, s* agus *n*.
2.

(sráid)(baile)	*sráidbhaile*
(comhar)(cumann)	*comharchumann*
(ceard)(cumann)	*ceardchumann*
(meán)(scoil)	*meánscoil*
(bun)(cúis)	*bunchúis*
(dún)(marú)	*dúnmharú*
(fad)(téarmach)	*fadtéarmach*
(gearr)(téarmach)	*gearrthéarmach*
(iris)(leabhar)	*irisleabhar*

Ceist 7

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Thar lear tá státseirbhísigh i Honk Cong tar éis filleadh ar a gcuid oibre i gceanncheathrú an rialtais. Bhí foláireamh tugtha ag an rialtas do léirsitheoirí imeacht as an áit agus cé nár imigh chuile dhuine tá laghdú ollmhór ar líon na léirsitheoirí atá fanta[1].

Ainneoin gur tugadh foláireamh do léirsitheoirí imeacht as lár Hong Cong faoina sé ar maidin, am na hÉireann, ní dhearna chuile dhuine sin. Tá cúpla céad duine fós i mbun léirsithe, ach i gcomparáid leis na mílte a bhí ar na sráideanna an tseachtain seo caite, is cosúil go bhfuil cúrsaí ag ciúnú.

Mic léinn a chuir tús leis an agóid breis is seachtain ó shin. Iad thar a bheith míshásta le plean rialtas na Síne chuile iarrthóir i dtoghchán Hong Cong in 2017 a mheas iad féin roimh ré, sula mbeadh cead acu seasamh san olltoghchán. Ach nuair a d'úsáid na húdaráis an lámh láidir ina n-aghaidh tháinig na mílte amach le tacú leis na mic léinn. Inniu d'fhill státseirbhísigh ar a gcuid oibre agus d'oscail meánscoileanna arís. Meastar gur lagmhisneach agus tuirse is mó atá tar éis an ruaig a chur ar na léirsitheoirí. Sin agus b'fhéidir cluas bhodhar na n-údarás i Hong Cong.

[1] Is leagan canúnach é seo. Is é *fágtha* an fhoirm chaighdeánach.